

# Tacú le Leanaí ag Tosú nó ag Filleadh ar an Scoil- Pas Cumarsáide a Chruthú



## Forbheathnú

Tá pasanna cumarsáide thar a bheith tábhachtach ag amanna aistrithe agus is féidir leo cabhrú le múinteoir(i) nua aithne a chur ar dhalta.

D'fhorbair Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga NCSE an uirlis seo le húsáid ag múinteoirí atá ag obair le leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu mar chuid de Sholáthar Samhraidh. Is féidir le múinteoirí an uirlis seo a úsáid más mian leo pas cumarsáide a fhorbairt le leanbh d'fhonn tacú leo aistriú chuig a scoil nó a rang nua i mí Mheán Fómhair. Soláthraíonn an acmhainn seo faisnéis do mhúinteoirí ar conas pas cumarsáide a fhorbairt. Is féidir le múinteoirí rochtain a fháil ar theimpléad samplach freisin anseo chun pas cumarsáide a chruthú:

<https://ncse.ie/wp-content/uploads/2020/06/Communication-Passport-Template.ppt>

Tacaíonn an acmhainn seo leis na príomhphrionsabail 'Braistint Sábháilteachta a Chur Chun Cinn', 'Braistint Suaimhnis a Chur Chun Cinn' agus 'Cóngas a Chur Chun Cinn'.

## Cad is pas cumarsáide ann?

Is bealach é pas cumarsáide chun tacú le duine óg a bhfuil deacrachtaí cumarsáide aige agus iad ag aistriú chuig scoil, seomra ranga nó timpeallacht nua. Tugann sé guth don duine óg faisnéis fúthu féin a roinnt. Úsáidtear iad mar réamhrá don duine agus mar bhealach chun comhrá a thosú. Sna pasanna cumarsáide, cuimsítear faisnéis faoin gcaoi a ndéanann duine cumarsáid agus na rudaí is maith leo agus nach maith leo.



## Pas Cumarsáide a chruthú

- ★ Scríobhtar pas cumarsáide ó thaobh an linbh de agus ba chóir go mbeadh sé furasta a thuiscint
- ★ Ba chóir go mbeadh grianghraif agus pictiúir ann. Ba chóir go mbainfeadh an duine óg taitneamh as féachaint air agus cur leis
- ★ Leis an dalta agus a thuismitheoir(i)/caomhnóir(i), déan liosta de na rudaí a bheadh úsáideach do dhaoine eile a bheith ar an eolas faoi. Féach an sampla anseo: [cuir isteach hipearnasc le teimpléad pas cumarsáide](#)  
Is iad na réimsí samplacha atá le háireamh ná:
  - Ainm agus Breithlá
  - Daoine atá tábhachtach i saol an duine óig
  - Conas a dhéanann an duine óg cumarsáid agus conas cumarsáid a dhéanamh leo
  - Rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis an duine
  - Áiteanna is maith leis an duine dul chucu. Déan iarracht é a choinneáil réasúnta gearr!
- ★ Is féidir leat an pas a chruthú i bhformáid leabhráin. Is féidir leat é seo a dhéanamh ar ríomhaire nó leabhrán simplí a dhéanamh ar pháipéar trí líníochtaí, pictiúir nó rudaí a scríobh agus a chur leis.
- ★ Ba chóir go mbeadh an pas éasca don duine óg a iompar. Ba chóir go mbeadh an pas leis an duine óg i gcónaí.
- ★ Tá roinnt teimpléid pas cumarsáide ar fáil. Is féidir leat an teimpléad seo a phriontáil: <https://ncse.ie/wp-content/uploads/2020/06/Communication-Passport-Template.ppt>. Ní gá duit gach gné den teimpléad seo a áireamh. Braithfidh an méid a bheidh le háireamh ar do phlé leis an duine óg agus lena thuismitheoir(i)/caomhnóir(i). Tá teimpléad eile ar fáil anseo: <https://www.twinkl.ie/resource/te-311-passport-to-a-new-school>



**nc**

An Chomh211rle Na1siUnta um Oideachas  
Speisialra  
Nationa1 Council 1 do Specia1 Educa i  
tar



**Rialtas na hEireann**  
Government of Ireland